2024/2215

9.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2215 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Meán Fómhair 2024

lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais chun deimhnithe a eisiúint do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do na deimhnithe sin, a mhéid a bhaineann le trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil, timthriallta orgánacha den chineál Rankine agus aonaid chuisniúcháin i dtrucailí cuisniúcháin, leantóirí cuisniúcháin, feithiclí saothair éadroim cuisniúcháin, coimeádáin idirmhódúla agus vaigíní traenach ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó roghanna malartacha orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2024/573 an 7 Feabhra 2024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/573, áirítear oibleagáidí maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha a dheimhniú chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí áirithe ina n-úsáidtear gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó roghanna malartacha ábhartha ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe, lena n-áirítear cuisneáin nádúrtha.

(2) Áirítear freisin i Rialachán (AE) 2024/573 oibleagáidí breise maidir le daoine dlítheanacha a dheimhniú le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le haonaid chuisniúcháin i dtrucailí cuisniúcháin agus leantóirí cuisniúcháin, agus maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha a dheimhniú le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le haonaid chuisniúcháin i bhfeithiclí saothair éadroim cuisniúcháin, i gcoimeádáin idirmhódúla agus i vaigíní traenach chomh maith le timthriallta orgánacha den chineál Rankine.

(3) Cumhdaítear le hoibleagáidí deimhniúcháin faoi Rialachán (AE) 2024/573 liosta leathnaithe substaintí atá sa trealamh ábhartha, lena n-áirítear roghanna malartacha ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe. Leis na ceanglais maidir le hábhar na gclár deimhniúcháin, ba cheart láimhseáil shábháilte a áirithiú maidir leis an trealamh ina bhfuil gáis inadhainte nó thocsaineacha nó a oibríonn faoi ardbhrúnna.

(4) Tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar shuiteáil, cothabháil agus seirbhísiú an trealaimh chun a éifeachtúlacht fuinnimh a bharrfheabhsú agus a choinneáil ar bun, agus is é sin cuspóir eile de chuid na n-oibleagáidí deimhniúcháin.

(5) Is gá, dá bhrí sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/573, na híoscheanglais maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha a dheimhniú a thabhairt cothrom le dáta i ndáil le raon feidhme na ngníomhaíochtaí, an trealamh a chumhdaítear chomh maith leis na scileanna agus an t-eolas atá le cumhdach agus na rialacha a shonrú maidir le deimhniú agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe a shonrú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 ([2]) ón gCoimisiún a aisghairm.

([1]) IO L 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhniú daoine nádúrtha a mhéid a bhaineann le trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil, agus aonaid chuisniúcháin i dtrucailí agus i leantóirí cuisniúcháin ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus maidir le deimhniú cuideachtaí a mhéid a bhaineann le trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe (IO L 301, 18.11.2015, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2067/oj).

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, arna bhunú le hAirteagal 34(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/573,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, bunaítear íoscheanglais maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha a dhéanann na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 a dheimhniú, chomh maith leis na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do na ndeimhnithe ábhartha, i ndáil leis an trealamh seo a leanas:

(a) trealamh cuisniúcháin do-aistrithe,

(b) trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil do-aistrithe,

(c) timthriallta orgánacha den chineál Rankine,

(d) aonaid chuisniúcháin i dtrucailí cuisniúcháin agus leantóirí cuisniúcháin,

(e) aonaid chuisniúcháin i bhfeithiclí saothair éadroim cuisniúcháin, i gcoimeádáin idirmhódúla agus i vaigíní traenach.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le daoine nádúrtha a dhéanann na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) seiceálacha le haghaidh sceite ar an trealamh a liostaítear in Airteagal 1 ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573;

(b) suiteáil an trealaimh a liostaítear in Airteagal 1 ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó na substaintí malartacha amóinia (NH_3), dé-ocsaíd charbóin (CO_2) nó hidreacarbóin;

(c) deisiú, cothabháil nó seirbhísiú chomh maith le díchoimisiúnú an trealaimh a liostaítear in Airteagal 1 ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 nó na substaintí malartacha amóinia (NH_3), dé-ocsaíd charbóin (CO_2) nó hidreacarbóin;

(d) gáis ceaptha teasa fhluairínithe a aisghabháil ó chiorcaid fhuaraithe trealaimh cuisniúcháin dho-aistrithe, trealamh aerchóiriúcháin dho-aistrithe, teaschaidéil dho-aistrithe, agus aonad cuisniúcháin i dtrucailí cuisniúcháin agus leantóirí cuisniúcháin.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le daoine dlítheanacha a dhéanann, thar ceann tríú páirtithe, suiteáil, deisiú, cothabháil, seirbhísiú nó díchoimisiúnú an trealaimh a liostaítear in Airteagal 1 ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573 agus na substaintí malartacha amóinia (NH_3), dé-ocsaíd charbóin (CO_2) nó hidreacarbóin.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon ghníomhaíocht mhonaraíochta a dhéantar ar láithreán mhonaróir an trealaimh dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 3

Deimhnithe do dhaoine nádúrtha

1. Na daoine nádúrtha a dhéanann na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), beidh ina seilbh deimhniú den chineál a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú go n-eiseofar cineálacha deimhnithe ar leithligh nó deimhniú ina gcomhcheanglaítear aon cheann de na cineálacha deimhnithe, lena sainaithnítear na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis.

2. Is iad seo a leanas na cineálacha deimhnithe lena bhfianaítear go gcomhlíonann an sealbhóir na ceanglais chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a dhéanamh:

(a) Deimhniú A1 lena bhfianaítear go bhféadfaidh sealbhóirí na gníomhaíochtaí uile dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) a dhéanamh i ndáil le gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus hidreacarbóin;

(b) Deimhniú A2 lena bhfianaítear go bhféadfaidh sealbhóirí na gníomhaíochtaí uile dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) a dhéanamh i ndáil le gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus hidreacarbóin, teoranta do threalamh a bhfuil méid luchta níos lú ná 3 chileagram aige nó, má tá córais atá séalaithe go heirméiteach agus atá lipéadaithe amhlaidh i gceist, a bhfuil níos lú ná 6 chileagram iontu;

(c) Deimhniú B lena bhfianaítear go bhféadfaidh sealbhóirí na gníomhaíochtaí uile dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) a dhéanamh i ndáil le dé-ocsaíd charbóin (CO_2);

(d) Deimhniú C lena bhfianaítear go bhféadfaidh sealbhóirí na gníomhaíochtaí uile dá bhforáiltear in Airteagal 2(1) a dhéanamh i ndáil le hamóinia (NH_3);

(e) Deimhniú D lena bhfianaítear go bhféadfaidh sealbhóirí an ghníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(d) a dhéanamh i leith an trealaimh ina bhfuil níos lú ná 3 chileagram de gháis ceaptha teasa fhluairínithe nó, má tá córais atá séalaithe go heirméiteach agus atá lipéadaithe amhlaidh i gceist, a bhfuil níos lú ná 6 chileagram de gháis ceaptha teasa fhluairínithe iontu;

(f) Deimhniú E lena bhfianaítear go bhféadfaidh sealbhóirí an ghníomhaíocht dá bhforáiltear in Airteagal 2(1)(a) a dhéanamh, ar choinníoll nach mbaineann an ghníomhaíocht sin le briseadh isteach sa chiorcad cuisniúcháin ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le daoine nádúrtha a dhéanann na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) codanna de chóras nó de phíosa trealaimh a phrásáil, a shádráil nó a tháthú mar chuid de cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), má tá ag na daoine sin an cháilíocht is gá faoin reachtaíocht náisiúnta chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil siad faoi mhaoirseacht duine ag a bhfuil deimhniú a chumhdaíonn an ghníomhaíocht ábhartha agus atá lánfhreagrach as an ngníomhaíocht a chur i gcrích i gceart;

(b) gáis ceaptha teasa fhluairínithe a aisghabháil ó threalamh a chumhdaítear le Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ar gáis iad ar lú a lucht gáis ceaptha teasa fhluairínithe ná trí chileagram agus ina bhfuil níos lú ná cúig thona de choibhéis CO_2, in áitribh atá cumhdaithe ag cead i gcomhréir le hAirteagal 9(1) agus (2) den Treoir sin, ar choinníoll go bhfuil siad fostaithe ag an gcuideachta a bhfuil an cead aici agus go bhfuil cúrsa oiliúna curtha i gcrích acu faoin íosleibhéal scileanna agus eolais a chomhfhreagraíonn do Chatagóir III mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo arna fhíorú le fianú inniúlachta arna eisiúint ag sealbhóir an cheada.

4. Daoine nádúrtha a dhéanann ceann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), ní bheidh siad faoi réir an cheanglais a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá siad cláraithe do chúrsa oiliúna chun deimhniú a fháil a chumhdaíonn an ghníomhaíocht ábhartha, agus

(b) déanann siad an ghníomhaíocht faoi mhaoirseacht duine ag a bhfuil deimhniú a chumhdaíonn an ghníomhaíocht sin agus atá lánfhreagrach as an ngníomhaíocht a chur i gcrích i gceart.

An maolú dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, beidh feidhm aige ar feadh na dtréimhsí a chaithfear i mbun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a dhéanamh, ar tréimhsí iad nach faide ná 24 mhí ina n-iomláine.

Airteagal 4

Daoine nádúrtha a dheimhniú

1. Déanfaidh comhlacht deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7 deimhniú a eisiúint dá dtagraítear in Airteagal 3(2) do dhaoine nádúrtha ar éirigh leo i scrúdú teoiriciúil agus praiticiúil arna reáchtáil ag comhlacht meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 8, scrúdú ina gcumhdaítear an t-íosleibhéal scileanna agus eolais a leagtar amach in Iarscríbhinn I, i leith an deimhnithe lena mbaineann.

([3]) Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 197, 24.7.2012, lgh. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/19/oj).

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa deimhniú:

(a) ainm an chomhlachta deimhniúcháin, ainm iomlán an tsealbhóra, uimhir an deimhnithe agus an dáta éaga más ann dó;

(b) an cineál deimhnithe le haghaidh daoine nádúrtha mar a shonraítear in Airteagal 3(2) agus sonraíocht na ngníomhaíochtaí atá sealbhóir an chineáil deimhnithe sin i dteideal a dhéanamh, chomh maith le sonraíocht an chineáil trealaimh lena mbaineann;

(c) an dáta eisiúna agus síniú an eisitheora.

3. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chomhlachtaí deimhniúcháin iarratasóirí a dhíolmhú ón gceanglas pas a fháil sa scrúdú dá dtagraítear i mír 1, i gcás ina bhfuair na hiarratasóirí cáilíochtaí, scileanna agus eolas atá coibhéiseach leis na scileanna agus leis an eolas sin a liostaítear in Iarscríbhinn I roimhe sin nó chun a cheangal ar iarratasóirí pas a fháil i scrúdú forlíontach agus sin amháin, i gcás ina gcumhdaítear scileanna agus eolas cáilíochtaí an iarratasóra a fuarthas roimhe sin go páirteach fúthu siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I.

Airteagal 5

Daoine dlítheanacha a dheimhniú

Beidh deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 6 ag na daoine dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 2(2).

Airteagal 6

Deimhnithe le haghaidh daoine dlítheanacha

1. Déanfaidh comhlacht deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7 deimhniú a eisiúint do dhuine dlítheanach i leith ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(2) ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais seo a leanas:

(a) fostaítear líon leordhóthanach daoine nádúrtha atá deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 3, le haghaidh na ngníomhaíochtaí a gceanglaítear deimhniú ina leith, chun an méid gníomhaíochtaí a bhfuil coinne leis a chumhdach;

(b) cruthaítear go bhfuil na huirlisí agus na nósanna imeachta is gá ar fáil do na daoine nádúrtha atá ag gabháil do na gníomhaíochtaí a gceanglaítear deimhniú ina leith.

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa deimhniú:

(a) ainm an chomhlachta deimhniúcháin, ainm iomlán an tsealbhóra, uimhir an deimhnithe agus an dáta éaga más ann dó;

(b) na gníomhaíochtaí atá sealbhóir an deimhnithe i dteideal a dhéanamh agus sonraíocht na teorann maidir le méid an luchta, arna sloinneadh i gcileagraim, maidir leis an trealamh lena mbaineann, i gcás inarb ábhartha;

(c) an dáta eisiúna agus síniú an eisitheora.

Airteagal 7

Comhlacht deimhniúcháin

1. Sonróidh na Ballstáit sa dlí náisiúnta nó ainmneoidh siad an t-údarás nó na húdaráis atá inniúil chun comhlacht deimhniúcháin a ainmniú, ar comhlacht deimhniúcháin é atá údaraithe chun deimhnithe a eisiúint do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo.

Beidh an comhlacht deimhniúcháin neamhspleách neamhchlaonta agus a chuid gníomhaíochtaí á ndéanamh aige.

2. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin nósanna imeachta a bhunú agus a chur i bhfeidhm maidir le deimhnithe a eisiúint, a chur ar fionraí agus a tharraingt siar.

3. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin taifid a choinneáil ar bun chun gur féidir stádas duine nádúrtha nó dhlítheanaigh dheimhnithe a fhíorú. Is léiriú a bheidh sna taifid go ndearnadh an próiseas deimhniúcháin a chur i gcrích go héifeachtach. Coimeádfar na taifid go ceann tréimhse 5 bliana ar a laghad.

Airteagal 8

Comhlacht meastóireachta

1. Eagróidh comhlacht meastóireachta a ainmneofar i ngach Ballstát scrúduithe do na daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2(1). Féadfaidh comhlacht deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7 a bheith incháilithe mar chomhlacht meastóireachta freisin. Beidh an comhlacht meastóireachta neamhspleách neamhchlaonta agus a chuid gníomhaíochtaí á ndéanamh aige.

2. Déanfar na scrúduithe a phleanáil agus a struchtúrú ar bhealach a áiritheoidh go gcumhdófar an t-íosleibhéal scileanna agus eolais a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Soláthróidh an comhlacht meastóireachta an áit le haghaidh scrúduithe lena n-áiritheofar sábháilteacht na n-iarratasóirí nuair a dhéanfaidh siad gníomhaíochtaí a bhaineann le cuisneáin atá tocsaineach nó inadhainte nó atá ag obair faoi ardbhrú.

3. Déanfaidh an comhlacht meastóireachta nósanna imeachta tuairiscithe a ghlacadh agus taifid a choimeád chun gur féidir torthaí aonair agus torthaí iomlána na meastóireachta a dhoiciméadú.

4. Áiritheoidh an comhlacht meastóireachta go bhfuil ag na scrúdaitheoirí a sannfar scrúdú dóibh eolas cuí ar na modhanna scrúdaithe agus na doiciméid scrúdaithe ábhartha agus go bhfuil inniúlacht iomchuí acu sa réimse atá le scrúdú. Áiritheoidh sé freisin go mbeidh an trealamh, na huirlisí agus na hábhair is gá ar fáil le haghaidh na scrúduithe praiticiúla.

Airteagal 9

Coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach

1. Ní bheidh feidhm ag aitheantas frithpháirteach deimhnithe idir na Ballstáit ach amháin maidir le deimhnithe a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 4 do dhaoine nádúrtha agus i gcomhréir le hAirteagal 6 do dhaoine dlítheanacha, maidir leis na gníomhaíochtaí a shonraítear sna deimhnithe sin.

2. Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon mheastóireacht ná aon chineál eile nósanna imeachta um measúnú ná aon cheanglas riaracháin díréireach ar shealbhóirí deimhnithe arna n-eisiúint i mBallstát eile chun na deimhnithe sin a aithint nó chun rochtain ar fhostaíocht a cheadú do shealbhóirí na ndeimhnithe sin le haghaidh na ngníomhaíochtaí a shonraítear iontu.

3. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar shealbhóirí deimhnithe a eisíodh i mBallstát eile aistriúchán ar an deimhniú i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais a sholáthar.

Airteagal 10

Deimhnithe, cúrsaí athnuachana nó próisis mheastóireachta atá ann cheana

Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar leis na cúrsaí oiliúna athnuachana nó na próisis mheastóireachta mar a cheanglaítear faoi Airteagal 10(9) de Rialachán (AE) 2024/573 cruthúnas ar scileanna praiticiúla agus eolas teoiriciúil na ndaoine nádúrtha deimhnithe a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Chun na críche sin, áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

(a) Ní cheadaítear do shealbhóirí dheimhnithe Chatagóirí I agus II faoi Airteagal 3(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 leanúint de na deimhnithe sin a úsáid ach amháin má nuashonraíonn siad a n-eolas agus a scileanna go dtí leibhéal an eolais agus na scileanna is gá le haghaidh Dheimhniú A1 agus A2, dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointí (a) agus (b), den Rialachán seo agus a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis.

(b) Ní cheadaítear do shealbhóirí deimhnithe Chatagóir III faoi Airteagal 3(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 leanúint de na deimhnithe sin a úsáid ach amháin má nuashonraíonn siad a n-eolas agus a scileanna go dtí leibhéal an eolais agus na scileanna is gá le haghaidh dheimhnithe D, dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (e), den Rialachán seo agus a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis.

(c) Ní cheadaítear do shealbhóirí deimhnithe de Chatagóir IV faoi Airteagal 3(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 leanúint de na deimhnithe sin a úsáid ach amháin má nuashonraíonn siad a n-eolas agus a scileanna go dtí leibhéal an eolais agus na scileanna is gá le haghaidh dheimhnithe E, dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (f), den Rialachán seo agus a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis.

Airteagal 11

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

Airteagal 12

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Na híoscheanglais maidir leis na scileanna agus leis an eolas atá le cumhdach ag na comhlachtaí meastóireachta

(1) Beidh na nithe seo a leanas sa scrúdú le haghaidh gach ceann de na Deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2):

(a) tástáil theoiriciúil ina mbeidh ceist amháin nó níos mó lena ndéanfar an scil nó an t-eolas sin a thástáil, mar a léirítear i gcolúin na gcatagóirí le T. I ndáil le Deimhnithe A1 agus A2, bainfidh ceann amháin ar a laghad de na ceisteanna le sonraíochtaí CO_2 agus amóinia agus bainfidh ceist amháin ar a laghad le héifeachtúlacht fuinnimh trealaimh; I ndáil le Deimhnithe B agus C bainfidh ceann amháin ar a laghad de na ceisteanna le sonraíochtaí hidreacarbón;

(b) scrúdú praiticiúil ina ndéanfaidh an t-iarratasóir an tasc comhfhreagrach leis an ábhar, leis na huirlisí agus leis an trealamh ábhartha, mar a léirítear le P i gcolúin na gCatagóirí.

(2) Cumhdóidh an scrúdú gach ceann de na grúpaí scileanna agus eolais a shonraítear faoi cheannteidil 1, 2, 3, 4, 5, 10 agus 11 den tábla thíos. Thairis sin, le haghaidh Dheimhnithe A1 agus A2, cumhdóidh sé an grúpa scileanna agus eolais a shonraítear faoi cheannteideal 12 den tábla sin, i gcás Dheimhniú B an grúpa scileanna agus eolais a shonraítear faoi cheannteideal 13 den tábla sin agus le haghaidh Dheimhniú C an grúpa scileanna agus eolais a shonraítear faoi cheannteideal 14 den tábla sin.

(3) Cumhdóidh an scrúdú ceann amháin ar a laghad de na grúpaí scileanna agus eolais a shonraítear faoi cheannteidil 6, 7, 8 nó 9 den tábla thíos. Ní bheidh a fhios ag an iarrthóir roimh an scrúdú cé acu de na ceithre ghrúpa sin a scrúdófar.

(4) Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil a gcláir dheimhniúcháin agus oiliúna i gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme.

		Deimhniú					
SCILEANNA AGUS EOLAS		A1	A2	B	C	D	E
1	**Reachtaíocht agus teirmidinimic bhunúsach**						
1.00	Buntuiscint ar reachtaíocht an Aontais agus ar an reachtaíocht náisiúnta is is infheidhme, go háirithe reachtaíocht maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach agus Éicidhearthóireacht	T	T	T	T	T	T
1.01	Eolas ar na bun-aonaid chaighdeánacha ISO le haghaidh teochta, brú, maise, dlúis agus fuinnimh	T	T	T	T	T	T
1.02	Tuiscint ar bhunteoiric na gcóras cuisniúcháin: teirmidinimic bhunúsach (na príomhthéarmaí, na príomhpharaiméadair agus na príomhphróisis amhail 'forthéamh', 'taobh ardbhrú', 'teas comhbhrú', 'eantalpacht', 'éifeacht chuisniúcháin', 'taobh lagbhrú', 'fofhuarú'), airíonna agus trasfhoirmithe teirmidinimiciúla na gcuisneán, lena n-áirítear cumaisc sheotrópacha agus staideanna na sreabhán a aithint	T	T	T	T	T	—

1.03	Táblaí agus léaráidí ábhartha a úsáid agus a bhforléiriú i gcomhthéacs seiceálacha ar sceitheadh indíreach (lena n-áirítear seiceáil ar dea-oibriú an chórais): léaráid log (p),h, táblaí sáithiúcháin cuisneáin, léaráid de thimthriall cuisniúcháin comhbhrú aonair	T	T	T	T	—	T
1.04	Tuairiscs ar fheidhm na bpríomh-chomhpháirteanna den chóras (comhbhrúiteoir, galaitheoir, comhdhlúthadán, comhlaí borrtha teirmeastatacha) agus trasfhoirmithe teirmidinimiciúla an chuisneáin	T	T	T	T	T	—
1.05	Eolas ar bhunoibriú na gcomhpháirteanna seo a leanas a úsáidtear i gcóras cuisniúcháin agus ar an ról atá acu agus ar an tábhacht a bhaineann leo maidir le sceitheadh cuisneáin a chosc agus a shainaithint: (a) comhlaí (comhlaí liathróide, comhlaí scannáin, comhlaí cruinneánacha, comhlaí faoisimh), (b) rialuithe teochta agus brú, (c) spéaclaí agus táscairí taise, (d) rialuithe díreoite, (e) cosantóirí córais, (f) feistí tomhais amhail teirimméadair ilphíobáin, (g) córais rialúcháin ola, (h) glacadóirí, (i) deighilteoirí leachtanna agus ola, agus sonraíochtaí á gcur san áireamh maidir leis an oibríocht ina bhfuil cuisneáin an-inadhainte nó tocsaineacha (hidreacarbóin nó NH_3) agus cuisneáin a oibríonn faoi ardbhrú (CO_2)	T	T	T	T	—	—
1.06	Eolas ar iompraíocht shonrach, paraiméadair fhisiceacha, réitigh, córais, diallais na gcuisneán malartach uile sa timthriall cuisniúcháin agus na comhpháirteanna chun iad a úsáid	T	T	T	T	T	T
1.07	Eolas ar shaintréithe hidreacarbón, CO_2, agus NH_3 agus cuisneáin neamhfhluairínithe eile i gcodarsnacht le cuisneáin F-gás	T	T	T	T	T	T
1.08	Eolas ar inadhainteacht, forleathadh lasrach, srianta ar mhéid an luchta, teorainneacha áitíochta maidir le hidreafluaracarbóin, hidrea (clóra)fluaraolaifíní agus hidreacarbóin	T	T	T	T	T	T
1.09	Eolas ar bhrú CO_2, próiseas traschriticiúil agus forchriticiúil, léaráid log p/h, táblaí sáithiúcháin CO_2, stádas comhiomlán CO_2 (foirmliú oighir thirim)	—	—	T	—	—	—
1.10	Eolas ar thocsaineacht NH_3, difríochtaí idir borradh tirim agus córais tuile, brú diúltach i gcórais domhainreoiteora	—	—	—	T	—	—
2	**Tionchar comhshaoil na gcuisneán agus rialacháin chomhshaoil ábhartha**						
2.01	Buneolas ar bheartas an Aontais agus ar bheartas idirnáisiúnta maidir leis an athrú aeráide, lena n-áirítear Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin	T	T	T	T	T	T

2.02	Buneolas ar choincheap an phoitéinsil téimh dhomhanda, úsáid gás ceaptha teasa fluairínithe agus substaintí eile mar chuisneáin, tionchar na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe ar an aeráid (ord méadaíochta an phoitéinsil téimh dhomhanda) agus forálacha ábhartha de Rialachán (AE) Uimh. 2024/573 agus na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha agus buneolas ar bhagairtí féideartha don chomhshaol, lena n-áirítear ó tháirgí dianscaoilte substaintí fluairínithe áirithe amhail hidreafluaracarbóin, olaí breosla troma agus hidrea(clóra) fluaraolaifíní.	T	T	T	T	T	T
3	**Seiceálacha roimh an trealamh a chur chun oibríochta, tar éis tréimhse fhada gan úsáid, tar éis idirghabháil cothabhála nó deisithe, nó seiceálacha le linn a oibrithe**						
3.01	Tástáil brú a dhéanamh chun neart an chórais a sheiceáil	P	P	P	P	—	—
3.02	Tástáil brú a dhéanamh chun teinne an chórais a sheiceáil	P	P	P	P	—	—
3.03	Folúschaidéal a úsáid	P	P	P	P	P	—
3.04	An córas a fholmhú chun aer agus tais a bhaint de réir an chleachtais chaighdeánaigh	P	P	P	P	—	—
3.05	Na sonraí a chur isteach i dtaifid an trealaimh agus tuarascáil a chomhlánú faoi cheann amháin nó níos mó de na tástálacha agus na seiceálacha a rinneadh le linn an scrúdaithe	T	T	T	T	—	—
4	**Seiceálacha le haghaidh sceite**						
4.01	Eolas ar na pointí sceite a d'fhéadfadh a bheith ag trealamh cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil	T	T	T	T	—	T
4.02	Taifid an trealaimh a sheiceáil roimh sheiceáil le haghaidh sceite agus an fhaisnéis ábhartha a shainaithint faoi aon saincheist nó aon fhadhb a tharlaíonn arís agus arís eile agus a bhfuil aird speisialta le tabhairt orthu	T	T	T	T	—	T
4.03	Amharc-chigireacht agus cigireacht láimhe a dhéanamh ar an gcóras uile i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1516/2007 ón gCoimisiún ([1])	P	P	P	P	—	P
4.04	Seiceáil a dhéanamh le haghaidh sceitheadh sa chóras trí úsáid a bhaint as modh indíreach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1516/2007 agus as lámhleabhar treorach an chórais	P	P	P	P	—	P
4.05	Úsáid a bhaint as feistí tomhais inaistrithe amhail tacair mhanaiméadair, teirmiméadair agus ilmhéadair chun voltanna, aimpéir agus óim a thomhas i gcomhthéacs modhanna indíreacha chun seiceáil a dhéanamh le haghaidh sceite, agus na paraiméadair arna dtomhas a léirmhíniú	P	P	P	P	—	P
4.06	Seiceáil a dhéanamh le haghaidh sceitheadh sa chóras trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna díreacha dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 1516/2007	P	P	—	—	—	—

4.07	Seiceáil a dhéanamh le haghaidh sceitheadh sa chóras trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna díreacha nach gá briseadh isteach sa chiorcad cuisniúcháin chuige agus dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 1516/2007	P	P	P	P	—	P
4.08	Feiste leictreonach iomchuí a úsáid chun sceitheadh a bhrath	P	P	P	P	—	P
4.09	Na sonraí a chur isteach i dtaifid an trealaimh	T	T	T	T	—	T
5	**An córas agus an cuisneán a láimhsiú ar shlí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol le linn suiteála, cothabhála, seirbhísithe nó aisghabhála**						
5.01	Tomhsairí agus línte a cheangal agus a dhícheangal ar shlí go mbeidh an méid is lú astaíochtaí is féidir ann	P	P	P	P	P	—
5.02	Sorcóir cuisneáin a fholmhú agus a líonadh sa staid leachtach agus sa staid ghalach araon	P	P	P	P	P	—
5.03	Foireann aisghabhála a úsáid chun an cuisneán a aisghabháil agus an fhoireann aisghabhála a dhícheangal ar shlí go mbeidh an méid is lú astaíochtaí is féidir ann	P	P	—	P	P	—
5.04	Ola éillithe ó chuisneáin a dhraenáil amach as córas	P	P	—	—	P	—
5.05	Staid an chuisneáin (leacht, gal) agus riocht an chuisneáin (fofhuaraithe, sáithithe nó forthéite) a shainaithint roimh an luchtú, chun an modh agus an méid ceart luchta a áirithiú. An córas a líonadh le cuisneán (sa staid leachtach agus sa staid ghalach araon) gan an cuisneán a chailleadh	P	P	P	P	P	—
5.06	An cineál ceart scálaí a roghnú agus iad a úsáid chun an cuisneán a mheá	P	P	P	P	P	—
5.07	An fhaisnéis ábhartha uile faoin gcuisneán a aisghabhadh nó a cuireadh isteach a chur isteach i dtaifid an trealaimh	T	T	T	T	T	—
5.08	Eolas ar na ceanglais agus na nósanna imeachta chun cuisneán agus olaí fluairínithe a láimhseáil, a athúsáid, a athshlánú, a stóráil agus a iompar, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad éillithe	T	T			T	—
5.09	Eolas ar na ceanglais agus na nósanna imeachta chun hidreacarbóin agus olaí a láimhseáil, a líonadh, a athshlánú, a stóráil agus a iompar, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad éillithe, agus trealamh agus córais a bhraitheann ar hidreacarbóin a shuiteáil	T	T	—	—	T	—
5.10	Eolas ar na ceanglais agus na nósanna imeachta chun R744 (CO_2) agus olaí a láimhseáil, a líonadh, a stóráil agus a iompar, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad éillithe, agus trealamh agus córais a bhraitheann ar R744 a shuiteáil	—	—	T	—	—	—

5.11	Eolas ar na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir le R717 (NH_3) agus olaí a láimhseáil, a líonadh, a athshlánú, a stóráil agus a iompar, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad éillithe, agus trealamh agus córais a bhraitheann ar R717 a shuiteáil. Eolas ar na héifeachtaí a bhaineann le scaoileadh R717 le linn obair shuiteála nó chothabhála, trí sceitheadh nó tionóiscí agus ar an gcaoi na héifeachtaí sin a laghdú (mar shampla sciúrthóirí a úsáid) le pleanáil chuí	—	—	—	T	—	—
6	**An chomhpháirt: comhbhrúiteoirí frithingeacha, scriú-chomhbhrúiteoirí agus comhbhrúiteoirí corntha a shuiteáil, a chur chun oibríochta agus a chothabháil, i gcéim amháin nó in dhá chéim**						
6.01	Míniú a thabhairt ar bhunfheidhmiú comhbhrúiteora (lena n-áirítear rialú toillte agus an córas bealaithe) agus ar na rioscaí sceite nó scaoilte a bhaineann leis	T	T	T	T	—	—
6.02	Comhbhrúiteoir a shuiteáil i gceart, lena n-áirítear trealamh rialúcháin agus sábháilteachta, ionas nach dtarlóidh aon sceitheadh nó mórscaoileadh nuair a chuirfear an córas chun oibríochta	P	P	P	P	—	—
6.03	Na lasca sábháilteachta agus rialúcháin a choigeartú	P	P	P	P	—	—
6.04	Na comhlaí súite agus sceite a choigeartú	P	—	—	P	—	—
6.05	An córas aischurtha ola a sheiceáil	P	P	P	P	—	—
6.06	Comhbhrúiteoir a chur ar siúl agus a mhúchadh agus a sheiceáil go bhfuil an bhail cheart oibre ar an gcomhbhrúiteoir, lena n-áirítear trí thomhais a dhéanamh le linn oibriú an chomhbhrúiteora	P	P	P	P	—	—
6.07	Tuarascáil a scríobh faoi riocht an chomhbhrúiteora ina sainaithnítear aon fhadhb maidir lena fheidhmiú a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don chóras agus a bhféadfadh sceitheadh nó scaoileadh cuisneáin a bheith mar thoradh air mura ndéanfaí aon bheart	T	T	T	T	—	—
6.08	Eolas ar na bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh trealaimh a fheabhsú nó a chothabháil le linn suiteáil nó cothabháil comhbhrúiteoirí	T	T	T	T	—	—
7	**An chomhpháirt: comhdhlúthadáin aerfhuaraithe agus uiscefhuaraithe a shuiteáil, a chur chun oibríochta agus a chothabháil**						
7.01	Míniú a thabhairt ar bhunfheidhmiú comhdhlúthadáin agus ar na rioscaí sceite a bhaineann leis	T	T	T	T	—	—
7.02	Rialaitheoir brú sceite de chuid an chomhdhlúthadáin a choigeartú	P	P	P	P	—	—
7.03	Comhdhlúthadán/aonad lasmuigh a shuiteáil i gceart, lena n-áirítear trealamh rialacháin agus sábháilteachta, ionas nach dtarlóidh aon sceitheadh nó mórscaoileadh nuair a bheidh an córas curtha chun oibríochta	P	P	P	P	—	—
7.04	Na lasca sábháilteachta agus rialúcháin a choigeartú	P	P	P	P	—	—
7.05	Na línte sceite agus leachta a sheiceáil	P	P	P	P	—	

7.06	Gáis neamh-inchomhdhlúthaithe a bhaint as an gcomhdhlúthadán trí úsáid a bhaint as feiste sciúrtha	P	P	P	P	—	—
7.07	Comhdhlúthadán a chur ar siúl agus a mhúchadh agus a sheiceáil go bhfuil an bhail cheart oibre ar an gcomhdhlúthadán, lena n-áirítear trí thomhais a dhéanamh le linn a oibrithe	P	P	P	P	—	—
7.08	Dromchla an chomhdhlúthadáin a sheiceáil	P	P	P	P	—	—
7.09	Tuarascáil a scríobh faoi riocht an chomhdhlúthadáin ina sainaithnítear aon fhadhb maidir lena fheidhmiú a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don chóras agus a bhféadfadh sceitheadh nó scaoileadh cuisneáin a bheith mar thoradh air mura ndéanfaí aon bheart	T	T	T	T	—	—
7.10	Eolas ar na bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh trealaimh a fheabhsú nó a chothabháil le linn suiteáil nó cothabháil comhbhrúiteoirí	T	T	T	T	—	—
8	**An chomhpháirt: galaitheoirí aerfhuaraithe agus fuaraithe leachtaigh a shuiteáil, a chur chun oibríochta agus a chothabháil**						
8.01	Míniú ar bhunfheidhmiú galaitheora (lena n-áirítear an córas díreoite) agus ar na rioscaí sceite a bhaineann leis	T	T	T	T	—	—
8.02	Rialaitheoir brú sceite de chuid an ghalaitheora a choigeartú	P	P	P	P	—	—
8.03	Galaitheoir a shuiteáil, lena n-áirítear trealamh rialúcháin agus sábháilteachta, ionas nach dtarlóidh aon sceitheadh nó mórscaoileadh nuair a bheidh an córas curtha chun oibríochta	P	P	P	P	—	—
8.04	Na lasca sábháilteachta agus rialúcháin a choigeartú	P	P	P	P	—	—
8.05	Seiceáil go bhfuil na píblínte leachta agus súite deasaithe i gceart	P	P	P	P	—	—
8.06	An phíblíne dhíreoite gáis the a sheiceáil	P	P	P	P	—	—
8.07	An chomhla rialúcháin brú galúcháin a choigeartú	P	P	P	P	—	—
8.08	Galaitheoir a chur ar siúl agus a mhúchadh agus a sheiceáil go bhfuil an bhail cheart oibre ar an ngalaitheoir, lena n-áirítear trí thomhais a dhéanamh le linn a oibrithe	P	P	P	P	—	—
8.09	Dromchla an ghalaitheora a sheiceáil	P	P	P	P	—	—
8.10	Tuarascáil a scríobh faoi riocht an ghalaitheora ina sainaithnítear aon fhadhb maidir lena fheidhmiú a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don chóras agus a bhféadfadh sceitheadh nó scaoileadh cuisneáin a bheith mar thoradh air mura ndéanfaí aon bheart	T	T	T	T	—	—

8.11	Eolas ar na bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh trealaimh a fheabhsú nó a chothabháil le linn suiteáil nó cothabháil galaitheoirí	T	T	T	T	—	—
9	**An chomhpháirt: comhlaí borrtha teirmeastatacha a shuiteáil, a chur chun oibríochta agus a sheirbhísiú, agus comhpháirteanna eile**						
9.01	Míniú ar bhunfheidhmiú cineálacha éagsúla rialaitheoirí borrtha (comhlaí borrtha teirmeastatacha, feadáin ribeacha) agus ar na rioscaí sceite a bhaineann leo	T	T	T	T	—	—
9.02	Comhlaí a shuiteáil agus iad deasaithe i gceart	P	P	P	P	—	—
9.03	Comhla bhorrtha theirmeastatach mheicniúil/leictreonach a choigeartú	P	P	P	P	—	—
9.04	Teirmeastait mheicniúla agus leictreonacha a choigeartú	P	P	P	P	—	—
9.05	Comhla bhrú-rialaithe a choigeartú	P	P	P	P	—	—
9.06	Teorantóirí brú meicniúla agus leictreonacha a choigeartú	P	P	P	P	—	—
9.07	Feidhmiú deighilteora ola a sheiceáil	P	P	P	P	—	—
9.08	Riocht triomadóra scagaire a sheiceáil	P	P	P	P	—	—
9.09	Tuarascáil a scríobh faoi riocht na gcomhpháirteanna sin ina sainaithnítear aon fhadhb maidir lena bhfeidhmiú a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don chóras agus a bhféadfadh sceitheadh nó scaoileadh cuisneáin a bheith mar thoradh air mura ndéanfaí aon bheart	T	T	T	T	—	—
9.10	Eolas ar na bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh trealaimh a fheabhsú nó a chothabháil le linn suiteáil nó cothabháil comhlaí borrtha teirmeastatacha agus comhpháirteanna eile	T	T	T	T	—	—
10	**Píopaí: córas píopaí sceitheadh-obacha a thógáil i suiteáil chuisniúcháin**						
10.01	Ailt atá saor ó sceitheadh a tháthú, a phrásáil agus/nó a shádráil ar fheadáin, píopaí agus comhpháirteanna miotalacha is féidir a úsáid i gcórais chuisniúcháin, aerchóiriúcháin nó teaschaidéil	P	P	P	P	—	—
10.02	Tacaí píopaí agus comhpháirteanna a dhéanamh/a sheiceáil	P	P	P	P	—	—

11	**Faisnéis faoi theicneolaíochtaí ábhartha chun úsáid gás ceaptha teasa fluairínithe a ionadú nó a laghdú agus faoi na teicneolaíochtaí sin a láimhsiú go sábháilte**						
11.01	Eolas ar na teicneolaíochtaí malartacha ábhartha chun úsáid gás ceaptha teasa fluairínithe a ionadú nó a laghdú agus faoi na teicneolaíochtaí sin a láimhseáil go sábháilte	T	T	T	T	T	T
11.02	Eolas ar dhearaí córais ábhartha chun méid luchta na ngás ceaptha teasa fluairínithe a laghdú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú	T	T	—	—	—	—
11.03	Eolas ar na rialacháin agus na caighdeáin ábhartha sábháilteachta maidir le cuisneáin inadhainte nó thocsaineacha, nó cuisneáin a dteastaíonn brú oibriúcháin is airde lena n-aghaidh, a úsáid, a stóráil agus a iompar. Tuiscint ar na dálaí a bhaineann go sonrach le suíomh faoina gceadaítear trealamh a úsáid nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán 2024/573 de dheasca ceanglais sábháilteachta	T	T	T	T	—	—
11.04	Tuiscint ar na buntáistí agus na míbhuntáistí ábhartha, go háirithe i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh, a bhaineann le cuisneáin mhalartacha de réir na feidhme beartaithe agus dhálaí aeráide na réigiún éagsúil	T	T	T	T	—	—
11.05	Eolas ar na difríochtaí i gcomhpháirteanna agus i ndearadh córais le haghaidh trealamh agus córais a bhraitheann ar hidreacarbóin	T	T	—	—	T	—
11.06	Eolas ar na difríochtaí i gcomhpháirteanna agus i ndearadh córais le haghaidh trealamh agus córais a bhraitheann ar R744 (CO_2), amhail ceanglais maidir le hábhair phíboibre, feidhm na gcóras teanndáileog, comhlaí rialúcháin meánbhrú agus ardbhrú, optamú córais agus próisis ar chórais chuisniúcháin R744 (CO_2) chun éifeachtúlacht an chórais a mhéadú amhail comhbhrúiteoirí comhthreomhara, teicneolaíocht eisteilgthe (eisteilgeoir leachtach agus gáis) agus córais le tuile pháirteach, Tuiscint ar choincheapa sábháilteachta chun brú neamhghníomhaíochta a theorannú agus ar chórais fuaraithe mharbhántachta a úsáid	—	—	T	—	—	—
11.07	Eolas ar na difríochtaí i gcomhpháirteanna agus i ndearadh córais le haghaidh trealamh agus córais a bhraitheann ar R717 (NH_3), amhail dearaí comhbhrúiteora, comhbhrúiteoirí le mótair ar leithligh, rialú toillte ar chomhbhrúiteoirí loine frithingeacha agus ar scriú-chomhbhrúiteoirí, ciorcaid chomhbhrúiteora, comhbhrú aon chéim agus dhá chéim, comhdhlúthadáin galaithe, oibriú agus rialú leibhéal an deighilteora, lasca snámha, teirmisiofón, an difríocht i mbainistiú ola (úsáid olaí neamh-mheasctha), rialú ola, buneolas ar chórais dhíreacha (córais leathnaithe dírigh, córais tuilte, córais oibríochta ath-shruthaithe agus córais measúnaithe saolré) agus córais indíreacha,	—	—	—	T	—	—

12	**Suiteáil agus dea-chleachtas maidir le seirbhísiú a dhéanamh ar threalamh agus ar chórais a bhraitheann ar hidreacarbóin**						
12.01	Eolas ar na ceanglais maidir le lipéadú agus ar na ceanglais speisialta maidir le cuisneáin inadhainte i dtrealamh, córais agus sorcóirí cuisneáin agus ar na ceanglais speisialta maidir le naisc buidéal	T	T	—	—	—	—
12.02	Eolas ar na ceanglais sábháilteachta maidir le huirlisí seirbhíse agus trealamh seirbhíse amhail brath gáis, brath sceite, aeráil, trealamh cosanta pearsanta, folúschaidéal, aonaid aisghabhála; ceanglais maidir le gáis aisghafa a dhiúscairt.	T	T	—	—	—	—
12.03	Lucht cuisneáin inadhainte i gcóras a ríomh de réir na gcaighdeán sábháilteachta is infheidhme.	P	P	—	—	—	—
12.04	Anailís riosca a dhéanamh sula dtosaítear ar an obair agus díothú na bhfoinsí contúirte nó, mura féidir iad a dhíothú, na foinsí contúirte a aithint.	P	P	—	—	—	—
12.05	An limistéar oibre a ullmhú agus uirlisí, trealamh agus trealamh cosanta iomchuí a roghnú chun oibriú ar chórais a bhraitheann ar chuisneáin inadhainte	P	P	—	—	—	—
12.06	Cuisneáin inadhainte a aisghabháil go sábháilte ón gcóras agus an córas a líonadh le nítrigin	P	P	—	—	—	—
12.07	An córas a oscailt, comhpháirt a bhaint agus a mhalartú, an córas a dhruidim	P	P	—	—	—	—
12.08	Tástáil brú a dhéanamh chun teinne an chórais a sheiceáil	P	P	—	—	—	—
12.09	Tástáil folúis a dhéanamh chun an taise a bhaint agus chun teinne an chórais a sheiceáil	P	P	—	—	—	—
12.10	An córas a luchtú leis an toirt iomchuí cuisneáin hidreacarbón	P	P	—	—	—	—
12.11	Seiceáil sceite a dhéanamh ar an gcóras le modh díreach	P	P	—	—	—	—
12.12	Tuarascáil a scríobh maidir leis an obair sheirbhíse a rinneadh	P	P	—	—	—	—
12.13	Seiceáil a dhéanamh go bhfuil na bearta sláinte agus sábháilteachta de réir na rialacha is infheidhme i bhfeidhm ag suíomh an chórais (e.g. comharthaí, bealaí éalaithe éigeandála, braiteoirí gáis, aláraim gháis etc.)	T	T	—	—	—	—
12.14	Eolas ar na bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh trealaimh a fheabhsú nó a chothabháil le linn suiteála nó cothabhála le cuisneáin inadhainte	T	T	—	—	—	—

13	**Suiteáil agus dea-chleachtas maidir le seirbhísiú a dhéanamh ar threalamh agus ar chórais a bhraitheann ar R744 (CO2)**						
13.01	Eolas ar na ceanglais maidir le R744 a lipéadú i gcórais agus i soithí brú	—	—	T	—	—	—
13.02	Léaráidí píobaireachta agus ionstraimíochta de chórais chuisniúcháin le R744 a léamh agus a thuiscint	—	—	T	—	—	—
13.03	Eolas ar na ceanglais speisialta maidir le sorcóirí cuisneáin agus comhlaí dúbailte agus eolas ar eastóscadh gáis	—	—	T	—	—	—
13.04	Eolas ar na ceanglais sábháilteachta maidir le huirlisí seirbhíse agus trealamh seirbhíse amhail brath gáis, brath sceite, trealamh cosanta pearsanta	—	—	T	—	—	—
13.05	Lucht R744 i gcóras a ríomh de réir na gcaighdeán sábháilteachta is infheidhme	—	—	T	—	—	—
13.06	Anailís riosca a dhéanamh sula dtosaítear ar an obair agus díothú na bhfoinsí contúirte nó, mura féidir iad a dhíothú, na foinsí contúirte a aithint.	—	—	P	—	—	—
13.07	An limistéar oibre a ullmhú agus uirlisí, trealamh agus trealamh cosanta iomchuí a roghnú chun oibriú ar chórais a bhraitheann ar R744	—	—	P	—	—	—
13.08	Tástáil brú a dhéanamh chun seasmhacht brú agus teinne an chórais a sheiceáil	—	—	P	—	—	—
13.09	Tástáil folúis a dhéanamh chun an taise a bhaint agus chun teinne an chórais a sheiceáil	—	—	P	—	—	—
13.10	Cuisneán R744 a bhaint go sábháilte ón gcóras	—	—	P	—	—	—
13.11	An córas a luchtú leis an toirt iomchuí de R744 i mbreoslaí gásacha	—	—	P	—	—	—
13.12	Seiceáil sceite a dhéanamh ag an gcóras le modh díreach	—	—	P	—	—	—
13.13	Tuarascáil a scríobh maidir leis an obair sheirbhíse a rinneadh	—	—	P	—	—	—
13.14	Seiceáil a dhéanamh go bhfuil na bearta sláinte agus sábháilteachta de réir na rialacha is infheidhme i bhfeidhm ag suíomh an chórais (mar shampla comharthaí, bealaí éalaithe éigeandála, braiteoirí gáis, aláraim gháis etc.)	—	—	P	—	—	—
13.15	Eolas ar an tábhacht a bhaineann le brú ard ag an tríphointe agus foirmiú oighir thirim	—	—	T	—	—	—
13.16	Eolas ar na ceanglais sábháilteachta maidir le córas le cuisneáin R744 a oibriú	—	—	T	—	—	—
13.17	Eolas ar na bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh trealaimh a fheabhsú nó a chothabháil le linn suiteála nó cothabhála le cuisneáin ag brúnna níos airde	—	—	T	—	—	—

14	**Suiteáil agus dea-chleachtas maidir le seirbhísiú a dhéanamh ar threalamh agus ar chórais a bhraitheann ar R717 (NH_3)**						
14.01	Léaráidí píobaireachta agus ionstraimíochta de chórais chuisniúcháin ina bhfuil R717 (NH_3) a léamh agus a thuiscint	—	—	—	T	—	—
14.02	Eolas ar na ceanglais speisialta maidir le comhlaí cuisniúcháin agus eastóscadh gáis	—	—	—	T	—	—
14.03	Eolas ar na ceanglais maidir le cuisneáin thocsaineacha a lipéadú i gcórais agus i soithí brú	—	—	—	T	—	—
14.04	Eolas ar na ceanglais sábháilteachta le haghaidh uirlisí agus trealamh (stáisiúin aisghabhála, caidéil folúis, braiteoirí leictreonacha sceite) lena n-áirítear brath gáis, brath sceite, trealamh cosanta pearsanta go háirithe maisc gháis	—	—	—	T	—	—
14.05	Eolas ar na rialacha maidir le hoibriú sábháilte, lena n-áirítear réamhchúraimí i gcoinne dóiteán agus pléascanna chomh maith le gortuithe de dheasca tocsaineachta	—	—	—	T	—	—
14.06	Eolas ar na hábhair atá comhoiriúnach le R717 (NH_3)	—	—	—	T	—	—
14.07	An limistéar oibre a ullmhú agus uirlisí, trealamh agus trealamh cosanta iomchuí a roghnú chun oibriú ar chórais a bhraitheann ar R717 (NH_3)	—	—	—	P	—	—
14.08	Anailís riosca a dhéanamh sula dtosaítear ar an obair agus díothú na bhfoinsí contúirte nó, mura féidir iad a dhíothú, na foinsí contúirte a aithint.	—	—	—	P	—	—
14.09	Eolas bunúsach ar ghníomhaíochtaí cearta tógála agus suiteála nó seirbhíse córas	—	—	—	P	—	—
14.10	Tástáil brú a dhéanamh chun teinne an chórais a sheiceáil	—	—	—	P	—	—
14.11	Tástáil folúis a dhéanamh chun an taise a bhaint agus chun teinne an chórais a sheiceáil	—	—	—	P	—	—
14.12	An córas a luchtú leis an lucht deartha de chuisneán tocsaineach	—	—	—	P	—	—
14.13	Seiceáil a dhéanamh le haghaidh sceitheadh sa chóras trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna díreacha	—	—	—	P	—	—
14.14	Cuisneán tocsaineach a aisghabháil go sábháilte ón gcóras agus an córas a líonadh le nítrigin	—	—	—	P		—
14.15	Tuarascáil a scríobh maidir leis an obair sheirbhíse a rinneadh	—	—	—	P	—	—
14.16	Amharc-chigireacht ar theinne chomhpháirteanna an chórais amhail comhlaí sábháilteachta agus a n-eatramh iniúchta	—	—	—	P	—	—
14.17	Seiceáil a dhéanamh go bhfuil na bearta sláinte agus sábháilteachta de réir na rialacha is infheidhme i bhfeidhm ag suíomh an chórais (mar shampla comharthaí, bealaí éalaithe éigeandála, braiteoirí gáis, aláraim gháis etc.)	—	—	—	P	—	—

14.18	Lucht an chuisneáin thocsainigh cheadaithe i gcóras a ríomh de réir na gcaighdeán sábháilteachta is infheidhme	—	—	—	T	—	—
14.19	Eolas ar na bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh trealaimh a fheabhsú nó a chothabháil le linn suiteála nó cothabhála le cuisneáin thocsaineacha	—	—	—	T	—	—

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1516/2007 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2007 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ceanglais chaighdeánacha a bhaineann le seiceálacha ar sceitheadh do threalamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe áirithe (IO L 335, 20.12.2007, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1516/oj).

IARSCRÍBHINN II

Tábla Comhghaoil

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 4	Airteagal 4
Airteagal 5	Airteagal 5
Airteagal 6	Airteagal 6
Airteagal 7	Airteagal 7
Airteagal 8	Airteagal 8
Airteagal 9	—
Airteagal 10	Airteagal 9
—	Airteagal 10
Airteagal 11	Airteagal 11
Airteagal 12	Airteagal 12
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn II